



Scéim Óglaigh na
hÉireann
2005 – 2008



Faoi alt 11 d'Acht na
dTeangacha Oifigiúla
2003



Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

**Scéim Óglaigh na hÉireann 2006 –2009
Faoi alt II d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Defence Forces' Scheme 2006 – 2009
Under Section II of the Official Languages Act 2003**

Defence Forces Scheme 2006 - 2009

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

Caibidil I - Réamhrá

Ullmhaíodh an scéim seo de réir na n-oibleagáidí ar Óglaigh na hÉireann, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tugann Alt II deis ullmhúcháin do chomhlachtaí poiblí scéim reachtúil ag sonrú na seirbhísí a chuirfear ar fáil-

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla
- chomh maith leis na bearta a thabharfar fúthu le cinntiú go soláthrófar aon tseirbhís trí mheán na Gaeilge, nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge cheana féin, taobh istigh de fhráma ama socraithe.

D'fhoilsigh Óglaigh na hÉireann fógra ar 5ú Márta 2006 faoi Mír a 13, ag tabhairt cuireadh roimh uirill maidir le hullmhúchán na dréachtscéime ó aon pháirtí leasmhar. Fuarthas dhá aighneacht ó eagraíochtaí lasmuigh d'Óglaigh na hÉireann agus ceann amháin ó baill den eagraíocht. Tugadh aird orthu agus an scéim seo á cur le chéile

Chuathas i gcomhairle go forleathan le baill Óglaigh na hÉireann agus cuireadh na moltaí sin san áireamh agus an scéim seo á forbairt.

Ullmhaíodh an Scéim tar éis aird a thabhairt ar gach aighneacht.

I. Ábhar na Scéime Teanga

Léiríonn an Scéim, misean Óglaigh na hÉireann, na rólanna atá sannta ag an Rialtas d'Óglaigh na hÉireann, ionannú ar bhunchloch a gcuid custaiméirí agus na seirbhísí a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge amháin, Béarla amháin, Gaeilge agus Béarla, agus na céimeanna a ghlacfar chun feabhas a dhéanamh ar sheachadadh ná seirbhísí trí mheán na Gaeilge i rith saoil na scéime.

Comhthacaíonn an Scéim le tionscnaimh eile a achtaíodh in Óglaigh na hÉireann thar na blianta mar thacaíocht ar spreagadh na Gaeilge laistigh den eagraíocht. Aithníonn agus cuireann an Scéim béim ar na líomataístí a bhfuil seirbhísí dátheangach, ar fáil chomh maith leis na seirbhísí nach bhfuil á soláthair i nGaeilge faoi láthair agus fráma ama chun feabhas a chur ar sheirbhísí dátheangacha a sholáthair. Tugann an Scéim tacaíocht do Pholasáí Óglaigh na hÉireann seirbhísí custaiméirí den scoth a sholáthar agus cuireann sé le Plean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann um Sheirbhís Chustaiméara.

Chapter I - Introduction

This scheme was prepared in accordance with the obligations placed on Óglaigh na hÉireann, under the Official Languages Act 2003.

Section II provides for the preparation by public bodies of a statutory scheme detailing the services they will provide-

- through the medium of Irish,
- through the medium of English,
- through the medium of English and Irish
- and the measures to be adopted to ensure that any service not provided by the body through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed timeframe.

Óglaigh na hÉireann published a notice on 5 March 2006 under Section 13, inviting representation in relation to the preparation of the draft scheme from any interested parties. Two submissions were received from bodies external to Óglaigh na hÉireann and one from members of the organisation. Cognisance was taken of them during the formulation of this scheme. Members of Óglaigh na hÉireann were widely

consulted and their views and recommendations have helped to develop this scheme.

The Scheme was prepared taking all submissions into account.

I. Content of the Language Scheme

The Scheme outlines the Mission of Óglaigh na hÉireann, the roles assigned to Óglaigh na hÉireann by Government, the identification of its customer base and the services provided through the medium of Irish only, English only, Irish and English, and the steps which will be taken to improve the delivery of services through Irish over the lifetime of the scheme.

The Scheme complements other initiatives enacted in Óglaigh na hÉireann over the years to assist with the promotion of Irish within the organisation. The Scheme identifies and outlines areas where services are currently provided bilingually as well as areas where services are not provided through Irish and a time frame for increasing the availability of services bilingually. The scheme supports Óglaigh na hÉireann's policy of providing quality customer services and builds on Óglaigh na hÉireann's Customer Services' Action Plan.

Responsibility for monitoring and reviewing the Scheme will rest with 'An Chomhairle Gaeilge'

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

Beidh freagracht ar an gComhairle Gaeilge ar son an Cheann Foirne as monatóireacht agus athbhreathnú a dhéanamh ar an scéim.

1.1. Dáta Tosaigh

Tá an scéim seo formheastaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. Tosóidh an scéim le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2006 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go bhfuil scéim nua cinntithe ag an Aire de réir Ailt 15 den Acht, cibé ceann is luaithe.

1.2. Forbhreathnú ar Óglaigh na hÉireann

Misean

Is é misean Óglaigh na hÉireann:

“Cuidiú le slándáil an Stáit trí chosaint mhíleata a chur ar fáil dá chríocha iomlána agus gach ról atá sannta ag an Rialtas orthu a chomhlíonadh trí obair Óglaigh na hÉireann atá inspreagtha agus éifeachtach”

Rólanna

Is iad seo a leanas na rólanna atá sannta ag an Rialtas:

- An Stát a chosaint ar fogha armtha; ó tharla gur éileamh teagmhasachta é seo braithfidh ullmhúcháin dá fheidhmiú ar mheastóireacht

leanúnach an Rialtais ar bhagairtí;

- Cuidiú don Chumhacht Shibhialta (a chiallaíonn i gcleachtas cuidiú, nuair a éilítear sin, leis an nGarda Síochána, a bhfuil an phríomhfhreagracht orthu i dtaca le dlí agus ceart, lena n-áirítear slándáil inmheánach an Stáit);
- A bheith rannpháirteach i dtacaíocht síochána ilnáisiúnta, i mbainistíocht ghéarchéime agus in oibríochtaí faoisimh dhaonna mar thacaíocht do na Náisiúin Aontaithe agus faoi shainordú na Náisiúin Aontaithe lena n-áirítear misin slándála réigiúnacha atá údaraithe ag na Náisiúin Aontaithe;
- Seirbhís chosanta iascach a chur ar fáil de réir oibleagáidí an Stáit mar bhall den Aontas Eorpach.
- Gach dualgas eile den sórt a chur i gcrích de réir mar a bheidh siad sannta ó am go ham m.sh. cuardach agus tarrtháil, seirbhís aer-otharchairr, seirbhís aeriompair aireachta, cúnamh le linn ócáidí tubaisteacha nádúrtha nó eile, cúnamh maidir le seirbhísí riachtanacha a chothabháil, cúnamh maidir le truailliú ola a stopadh ar muir.

acting on behalf of the Chief of Staff.

1.1 Commencement Date

The Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs has approved this Scheme. The Scheme will commence with effect from 1 September 2006 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Act, whichever is earlier.

1.2 Overview of Óglaigh na hÉireann

Mission

The mission of Óglaigh na hÉireann is:

“To contribute to the security of the State by providing for the military defence of its territorial integrity and to fulfil all roles assigned by Government, through the deployment of well-motivated and effective Defence Forces.”

Roles

The roles assigned by Government are:

- To defend the State against armed aggression; this being a contingency, preparations for its implementation will depend on an ongoing Government assessment of threats.
- To aid the Civil Power (meaning in practice to assist, when requested, An Garda Síochána,

who have primary responsibility for law and order, including the protection of the internal security of the State).

- To participate in multinational peace support, crisis management and humanitarian relief operations in support of the United Nations and under UN mandate, including regional security missions authorised by the UN.
- To provide a fishery protection service in accordance with the State's obligations as a member of the European Union.
- To carry out such other duties as may be assigned to them from time to time e.g. search and rescue, air ambulance service, ministerial air transport service, assistance on the occasion of natural or other disasters, assistance in connection with the maintenance of essential services, assistance in combating oil pollution at sea.

1.3 Customers

Internal Customers

For Óglaigh na hÉireann, internal customers are defined in the Customer Services' Action Plan of Óglaigh na hÉireann as

‘...serving members of the Defence Forces i.e. all members of the Permanent Defence Force

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

1.3. Custaiméirí

Custaiméirí Inmheánacha

I gcás Óglaigh na hÉireann, is é a thugtear le custaiméirí inmheánacha ná

*'...baill seirbhíse Óglaigh na hÉireann .i. gach ball de na Buan-Óglaigh (Arm, Aerchór agus Seirbhís Chabhlaigh) agus gach ball de na hÓglaigh Chúltaca, .i. an chéad líne cúltaca agus an dara líne cúltaca, lena n-áirítear Cúltaca an Airm agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh agus ár gcomhleacaithe sa Roinn Cosanta.'*¹

Custaiméirí Seachtracha

Is é a thugtear le custaiméirí seachtracha Óglaigh na hÉireann ná

*'...aon bhall den phobal, na Ranna Rialtais nó den tSeirbhís Phoiblí lena n-áirítear An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Roinn na Mara agus Acmhainní Nádurtha, An Roinn Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An Garda Síochána agus gach iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann atá ar scor.'*²

1.4. Feidhmeanna Óglaigh na hÉireann

Aschuir Sheachtracha

1 Plean Gníomhíochta Óglaigh na hÉireann um Sheirbhís Chustaiméara 2001-2004, Lth 3.

2 Plean Gníomhíochta Óglaigh na hÉireann um Sheirbhís Chustaiméara 2001-2004, Lth 3.

Oibríochtaí Cosanta Comhghnósacha.

Oibríochtaí Díonachta Idirnáisiúnta agus Réigiúnacha.

Seirbhísí Tacaíochta don Rialtas

Cuidiú don Chumhacht Shibhialta

Cuidiú d'Údaráis Shibhialta.

Rannóga Tacaíochta Inmheánacha

An Oifig Pleanála Straitéisí

An Rannóg Riaracháin

An Rannóg um Bainistíocht Acmhainní Daonna

An Cór Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais (teileacumarsáide agus eolas teicneolaíochta).

Rannóg Traenála Óglaigh na hÉireann.

Cór na nInnealtóirí.

An Cór Ordanáis

An Cór Iompair

Clóphreas Óglaigh na hÉireann

1.5. Measúnú ar na seirbhísí atá ann cheanna féin trí Ghaeilge

Ní bhíonn mórán teagmhála díri idir Óglaigh na hÉireann agus an pobal i gcoitinne agus de ghnáth ní sholáthraítear seirbhísí díreacha don phobal ach oiread. Déanann daoine ón bpobal, áfach,

*(Army, Air Corps and Naval Service) and all members of the Reserve Defence Force i.e. the first line reserve and the second line reserve (which includes, Cúltaca an Airm and Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh) and our colleagues in the Department of Defence'*¹.

External Customers

The external customers of Óglaigh na hÉireann are

*'...members of the Public, Government Departments and the Public Service including the Department of Foreign Affairs, the Department of Marine and Natural Resources, the Department of Justice, Equality and Law Reform, An Garda Síochána and all retired members of the Defence Forces.'*²

1.4 Defence Forces' Functions

Outputs

Conventional defence operations.

International and regional security operations.

Government support services.

Aid to the civil power.

Aid to civil authorities.

1 Defence Forces' Customer Services Plan 2001 - 2004, p3

2 Defence Forces' Customer Services Plan 2001 - 2004, p3

Internal Support Sections

Strategic Planning Office.

Administration Section.

Human Resource Management Section.

Communication and Information Services Corps Section (telecommunications and information technology).

Defence Forces' Training Section.

Corps of Engineers

Ordnance Corps

Transport Corps

Defence Forces' Printing Press.

1.5 Assessment of extent to which services are already available through Irish

Óglaigh na hÉireann have limited direct contact with the general public and do not usually provide services directly to the public. Members of the public do, however, contact Óglaigh na hÉireann, normally through the Press Office or the Recruitment and Competitions Office, with queries pertaining to Defence matters. Óglaigh na hÉireann are committed to improving the service provided through Irish and encourages the use of Irish both within the organisation and with our external customers.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

teagmháil le hÓglaigh na hÉireann, de ghnáth tríd an bPreasoifig agus, an Oifig um Earcaíocht agus Chomórtais, le fiosrúcháin a mbaineann le hábhair chosanta. Tá Óglaigh na hÉireann tiomanta ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge a fheabhsú agus spreagtar úsáid na Gaeilge laistigh den eagraíocht agus lenár gcustaiméirí seachtracha araon.

1.6. Polasáí Gaeilge Óglaigh na hÉireann

Treoir Riaracháin Inmheánach

Dé bharr achtú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus chun a chinntiú go raibh sé ar chumas Óglaigh na hÉireann a gcuid oibleagáidí a comhlíonadh faoin Acht agus mar chuid den fhorbairt leanúnach d'ábhair a mbaineann leis an nGaeilge in Óglaigh na hÉireann d'órdaigh an Ceann Foirne go bhfoilseofar treoir riaracháin inmheánach a dtugtar Treoir Riaracháin 'A' Cuid a 8 Chabidil 5 uirthi³. Is í aidhm na Treorach ná a chinntiú go gcomhlíonann Óglaigh na hÉireann a n-oibleagáidí faoi choinníollacha Achta na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus go gcloíann siad le prionsabail Ardchaighdeán Seirbhísí Chustaiméara (comhionannas na dTeangacha oifigiúla) mar atá leagtha síos ag an Rialtas faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéiseach (TBS)⁴. Is

3 Ar fáil ar suíomh idir lín Óglaigh an hÉireann www.military.ie

4 Treoir Riaracháin Óglaigh na hÉireann A8 Caibidil 5, lth 1.

polasáí d'Óglaigh na hÉireann é seirbhís den scoth a sholáthar trí Ghaeilge dá gcustaiméirí.

Comhairle Gaeilge Óglaigh na hÉireann

Bhunaigh an Ceann Foirne comhairle teanga faoi chuid a 2 mír a 202 de Threoir Riaracháin 'A' Cuid a 8 Caibidil a 5 (Comhairle Gaeilge Óglaigh na hÉireann) le freagracht as comhairle a sholáthar don Cheann Foirne faoi ábhair a bhaineann leis an nGaeilge agus an gcultúr. Cuimsíonn an Chomhairle d'ionadaithe as gach Briogáid, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann (ATOÉ), an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh. Is é an tOifigeach Gaeilge sinsearach ag Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann (CCÓÉ) an Cathoirleach.

1.6 Defence Forces' Irish Language policy

Internal Administrative Instruction

In light of the enactment of the Official Languages Act 2003 and to ensure that Óglaigh na hÉireann was capable of meeting its obligations under the Act and as part of the continuing development of Irish related matters in Óglaigh na hÉireann, the Chief of Staff directed that an internal administrative instruction, to be known as, 'A' Administrative Instruction A8 Chapter 5³ be produced. The aim of the Instruction is to ensure that Óglaigh na hÉireann fulfils its obligations under the terms of the Official Languages Act 2003 and that it abides by the principles of the Quality Customer Service (official languages equality) as set out by Government under the Strategic Management Initiative (SMI)⁴. It is the policy of Óglaigh na hÉireann to offer a quality service through Irish to its customers.

Comhairle Gaeilge Óglaigh na hÉireann

Under section 2 Paragraph 202 of 'A' Administrative Instruction Part 8 Chapter 5, the Chief of Staff established a language council (Comhairle Gaeilge Óglaigh na hÉireann) with the responsibility of advising the Chief of Staff on all matters relating

3 Available on the Defence Forces' Web Site www.military.ie

4 Defence Forces' Administration Instruction A8 Chapter 5, p 1.

to the Irish language and culture. The Council comprises representatives from each of the three Brigades, Defence Forces' Training Centre (DFTC), the Air Corps and the Naval Service. The Chairperson is the senior Irish language officer at Defence Forces' Headquarters (DFHQ).

Caibidil 2 – Soláthar Seirbhísí

2. Bealaí chun Eolas a Scaipeadh ar an bPobal

Déanann Óglaigh na hÉireann cumarsáid leis an bpobal go príomha trí:

- Doiciméid a fhoilsiú mar thoradh díreach ar oibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht achtaithe (Tuarascálacha Bliantúla, Plean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí etc.).
- Feachtais earcaíochta (Teilifís, raidió agus nuachtáin).
- Preasráitis.
- Comhfhreagras scríofa.
- Bróisiúir agus bileoga eolais.
- Láithreán gréasáin.
- Laethanta oscailte.
- Freastal ar imeachtaí áitiúla.

2.1 Seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Déanann Óglaigh na hÉireann cumarsáid lena gcustaiméirí trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla ar an tslí seo a leanas:

- Bróisiúir agus bileoga eolais.
- Comhfhreagras scríofa (litreacha etc).
- Foirmeacha iarratais.
- Foilseacháin.
- Preasráitis.
- Láithreán gréasáin. Tá athstruchtúrú á dhéanamh faoi láthair ar láithreán gréasáin dátheangach Óglaigh na hÉireann agus beidh an láithreán gréasáin dátheangach leasaithe ar fáil faoi dheireadh na chéad sé mhí den scéim seo. Beidh na leathanaigh Ghaeilge chomh líonmhar agus chomh inaitheanta céanna leis na leathanaigh Bhéarla.

Seirbhísí Trí Ghaeilge Amháin

Tá líon beag d'fheithiclí Óglaigh na hÉireann a bhfuil a gcuid suaitheantas agus a gcuid feathal i nGaeilge amháin.

Seirbhísí Trí Bhéarla Amháin

Cuirtear na seirbhísí seo a leanas ar fáil i mBéarla amháin:

- Foirmeacha agus leabhair Airm (tá céatadán beag ar fáil i nGaeilge).
- Tuarascálacha a mbíonn scaipeadh teoranta orthu laistigh den eagraíocht i.e. Tuarascálacha

Chapter 2 - Provision of Services

2. Means of Dissemination of Information to the Public

Óglaigh na hÉireann communicate with the public principally through:

- Publication of documents as a direct consequence of obligations arising under enacted legislation (Annual Reports, Customer Services Action Plan etc.).
- Recruitment campaigns (TV, radio and press).
- Press Releases.
- Written correspondence.
- Brochures and information leaflets.
- Web site.
- Open days.
- Attendance at local events.

2.1 Providing services through the medium of Irish, through the medium of English, and through the medium of Irish and English

Óglaigh na hÉireann communicate with their customers through the medium of Irish, through the medium of English, and through the medium of Irish and English in the following manner:

- Brochures and information leaflets.

- Written correspondence (letters etc).
- Application forms.
- Publications.
- Press releases.
- Website. The bi-lingual web site of Óglaigh na hÉireann is currently undergoing restructuring and the revised bi-lingual web site will be available by the end of the first six months of this scheme. The Irish pages will be as numerous and as identifiable as the English pages.

Irish Only Services

A small number of Defence Forces' vehicles have badges and emblems in Irish only.

English Only Services

The following services are provided in English only:

- Army Forms and books (a small percentage are available in Irish).
- Reports with limited circulation within the organisation i.e. Internal Review Boards, Internal reports to the Chief of Staff etc.
- Application forms on line.
- Promotional information leaflets pertaining to Óglaigh na hÉireann i.e. types of careers

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

na mBord Athbhreithnithe Inmheánaigh, Tuarascálacha Inmheánacha chuig an gCeann Foirne etc.

- Foirmeacha iarratais ar líne.
- Bileoga eolais bolscaireachta a bhaineann le hÓglaigh na hÉireann i.e. cineálacha gairmeacha san Arm, san Aerchór agus sa tSeirbhís Chabhlaigh, leabhráin earcaíochta.
- Rialacháin Óglaigh na hÉireann.
- Na hAchtanna Cosanta 1954 go dtí 1998 agus an tAcht um Achomhairc Armchúirteanna, 1983, Athlua.
- Is i mBéarla amháin atá na feathail agus na suaitheantais atá ar fhorhóir d'fheithicilí Óglaigh na hÉireann.

Seirbhísí atá go hIomlán Dátheangach

Ó achtú Acht na dTeangacha Oifigiúla is é polasáí Óglaigh na hÉireann go gcuirfí na seirbhísí agus na foilseacháin seo a leanas ar fáil go hiomlán dátheangach (Gaeilge agus Béarla);

- An Láithreán Gréasáin www.military.ie (á athstruchtúru faoi láthair).
- Tuarascálacha Bliantúla.
- Plean Gníomhaíochta Seirbhísí do

in the Army, Air Corps and Naval Service, recruitment booklets.

- Defence Forces' Regulations.
- The Defence Acts 1954 to 1998 and Courts-Martial Appeals Act 1983 Restatement.
- Emblems and badges on most Defence Forces' vehicles are in English only.

Fully Bilingual Services

Since the enactment of the Official Languages Act the policy of Óglaigh na hÉireann is that the following services and publications are provided fully bilingually (Irish and English);

- Website www.military.ie (currently under reconstruction).
- Annual Reports.
- Customer Services Action Plan.
- Strategy Statements.
- Major reports e.g. The Response to the Challenge in the Workplace.
- All correspondence stationary (address groups and title information)
- A small percentage of Army Forms.
- Intranet 'Gaeilge' web site (pertaining to Irish related matters within the DF).

Chustaiméirí.

- Ráitis Straitéise.
- Mór-thuarascálacha m.sh. Freagra ar an Dúshlán san Ionad Oibre.
- Gach stáiseanáireacht chomhfhreagrais (grúpaí seoltaí agus eolas teidil)
- Céatadán beag d'Fhoirmeacha Airm.
- Láithreán gréasáin inlín 'Gaeilge' (a bhaineann le cúrsaí Gaeilge laistigh d'Óglaigh na hÉireann).
- Fógraí do ghairmeacha in Óglaigh na hÉireann.

2.2 Pointí Teagmhála leis an bPobal

Is é an chéad pointe teagmhála a bhíonn ag daoine den phobal le hÓglaigh na hÉireann de ghnáth ná;

- Preas-Oifig Óglaigh na hÉireann, nó;
- An Oifig um Earcaíocht agus Comórtais.

Advertisements for careers in Óglaigh na hÉireann.

2.2 Points of Contact with the Public

The first point of contact for members of the public with Óglaigh na hÉireann is usually through;

- the Defence Forces' Press Office or;
- the Recruitment and Competitions Office.

Caibidil 3 – Méadú ar na Seirbhísí a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge.

3. Teagmháil leis an bpobal

Is é polasaí Óglaigh na hÉireann le héifeacht ón 08 Samhain 2004 ná cinntiú go líonfaidh Oifigeach, atá líofa i nGaeilge, ceapachán Foirne amháin ar a laghad sa Phreas-Oifig.

Cinnteoídh Óglaigh na hÉireann go mbeidh ar chumas phearsanra roghnaithe a bheidh fostaithe san Oifig um Earcaíocht agus Chomórtais gnó na hoifige sin a stiúradh trí Ghaeilge faoi dheireadh bhliain a trí den scéim seo.

3.1. Seirbhísí a Sheachadadh

Athróidh Óglaigh na hÉireann seachadadh na seirbhísí seo a leanas ó sheirbhís trí Bhéarla amháin go dtí seirbhísí dátheangacha, mar a leanas:

3.1.1. Cáirtáí Aitheantais Phearsanta

Leasófar na Cáirtáí Aitheantais Phearsanta go dtí formáid dhátheangach laistigh den chéad bhliain den scéim seo. Déanfar gach cárta aitheantais pearsanta nua arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann a sholáthar go dátheangach. Scriosfar cáirtáí aitheantais atá i mBéarla amháin ag tráth a n-athnuachana agus tiocfaidh cáirtáí i bhformáid dhátheangach ina n-áit.

3.1.2. Foirmeacha

Ag tosú le trí Fhoirm Airm (AF) sa chéad bhliain den scéim agus ag lean thar saol na scéime seo agus roimnt scéimeanna eile cuirfear gach foirm de chuid Óglaigh na hÉireann (AF) a bhaineann le hiarratais phearsanta nó aonair, is cuma má bhaineann siad le custaiméirí inmheánacha nó seachtracha, (69 ar an iomlán) ar fáil i bhformáid dhátheangach agus faoi aon chlúdach amháin, mar a leanas.

- Cuirfear Foirmeacha AF118 (cead saoire), AF180 (éileamh ar Liúntas cothabhála) agus AF364 (cead do shaoire bhuan – codladh seachtrach) ar fáil faoi dheireadh na chéad bhliana.
- Cuirfear foirmeacha AF 39 (foirm leithranna chuig cleithiúnaí ag saighdiúr neamhphósta), AF 236 (iarratas ar phostú nó aistriú) agus AF429 (foirm athfhruilithe do na Buan-Óglaigh) ar fáil faoi dheireadh an dara bliain.
- Cuirfear foirmeacha AF338 (foirmeacha a bhíonn le comhlánú sula ndéantar iarratas ar liostáil), AF673D (Uachtanna - foirm ghearr) agus AF442 (cead do shibhialach chun dul isteach i mbeairic) ar fáil faoi dheireadh an tríú bliain.
- Déanfar gach Foirm nua arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann a sholáthar go dátheangach

Chapter 3 - Enhancement of Services to be provided in Irish.

3. Contact with the public

Óglaigh na hÉireann's policy with effect from the 08 November 2004 is to ensure that an Officer, fluent in Irish, fills at least one of the Staff appointments in the Press Office.

Óglaigh na hÉireann will ensure that selected personnel employed in the Recruitment and Competitions Office will be capable of conducting the business of that office through Irish by the end of year three of this scheme.

3.1. Delivery of Services

Óglaigh na hÉireann will change the delivery of the following services from an English only service to a bilingual service:-

3.1.1. Personal Identification Cards

Personal Identification Cards will be amended to a bilingual format within the first year of this scheme. All new personal identification cards produced by Óglaigh na hÉireann will be produced bilingually. English only identification cards will be destroyed as they fall for renewal and replaced with cards in a bi-lingual format.

3.1.2. Forms

Commencing with three Army Forms (AF) in the first year of the scheme and continuing over the lifetime of this and several more schemes all Defence Forces' forms (AFs) pertaining to personal or individual applications whether relating to internal or external customers (69 in total) will be made available in a bilingual format and under one cover, as follows.

- Forms AF118 (leave pass), AF180 (claim for subsistence Allowance) and AF 364 (permanent leave – sleeping-out pass) will be made available by the end of the first year.
- Forms AF 39 (form of allotment to a dependant by an unmarried soldier), AF 236 (application for posting or transfer) and AF429 (re-engagement form Permanent Defence Force) will be made available by the end of the second year.
- Forms AF338 (forms to be completed prior to applying for enlistment), AF673D (wills-short form) and AF442 (pass for civilian to enter barracks) will be made available by the end of the third year.
- All new Forms produced by the Óglaigh na hÉireann will be produced bilingually and under one cover.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

agus faoi aon chlúdach amháin.

3.1.3 Fógraí

- a. D'ainneoin aon rialacháin a d'fhéadfaí a shíniú ina ndlí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla beidh gach fógra a chuirfidh Óglaigh na hÉireann sna meáin comhdhéanta de leagan Gaeilge do na meáin Ghaeilge, le héifeacht láithreach.
- b. Beidh gach póstaer agus bratach a chuirfidh Óglaigh na hÉireann suas sa dá theanga oifigiúil ach amháin nuair a chuirtear suas i réigiúin Ghaeltachta iad, is i nGaeilge amháin a bheidh siad, le héifeacht láithreach.

3.1.4 Preasráitis

Eiseofar gach preasráiteas sa dá theanga oifigiúla agus eiseofar leaganacha i nGaeilge amháin chuig na meáin Ghaeilge, le héifeacht láithreach.

3.1.5 Earcaíocht

- a. Cuirfear leabhráin a bhaineann le comórtais daltais agus printíseachta ar fáil i bhformáid dhátheangach agus faoi aon chlúdach amháin agus beidh siad ar fáil faoi dheireadh bhliain a haon den scéim seo.
- b. Cuirfear gach leabhrán eolais agus bróisiúir agus foirmeacha a bhaineann le hearcaíocht chuig Óglaigh na hÉireann ar fáil le leaganacha

Gaeilge agus Béarla ar fáil laistigh d'aon chlúdach amháin. Cuirfear tús le haistriú na leabhrán, na mbróisiúir agus na bhfoirmeacha sin láithreach agus beidh siad críochnaithe faoi dheireadh bhliain a trí den scéim seo.

- c. Beidh gach foirm choitianta nua arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann le haghaidh úsáid sheachtrach ar fáil i bhformáid dhátheangach.

3.1.6 Comhfhreagras

- a. Tabharfar do phearsanra Óglaigh na hÉireann gach cúnamh maidir le cumarsáid a dhéanamh le húdaráis níos airde sa teanga oifigiúil dá rogha féin, le héifeacht láithreach.
- b. Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar chórais ríomhphoist, ar nós séanadh freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh sé sin críochnaithe faoi dheireadh bhliain a haon den scéim seo.⁵

3.1.7 Éadach, Trealamh agus Feithiclí

Déanfaidh Óglaigh na hÉireann de réir mír 213 de Threoir Riaracháin A8, Caibidil 5 nuair a cheannaítear éadach, trealamh nó feithiclí nua. Bainfear seanfheathail agus seanshuaitheantais atá i mBéarla amháin amach go córasach in imeacht ama

⁵ Treoir Riaracháin A8 Óglaigh na hÉireann, Caibidil 5, larscríbhinn b.

3.1.3 Advertisements

- a. Notwithstanding any regulations, which may be signed into law under the Official Languages Act all advertisements placed by Óglaigh, na hÉireann with the media will consist of an Irish version for the Irish language media, with immediate effect.
- b. All posters and banners placed by Óglaigh na hÉireann will be in both official languages except when placed in Gaeltacht regions where they will be printed in Irish only, with immediate effect.

3.1.4 Press Releases

All press releases will be issued in both the official languages and Irish only versions will be issued to the Irish language media with immediate effect.

3.1.5 Recruitment

- a. Booklets relating to cadetship and apprenticeship competitions will be produced in bilingual format and under one cover and will be available by the end of year one of this scheme.
- b. All other information booklets and brochures and forms pertaining to recruitment to

Óglaigh na hÉireann will be made available with both Irish and English versions available within a single cover. The translation of such booklets, brochures and forms will commence immediately and will be completed by the end of year three of this scheme.

- c. All new common forms produced by Óglaigh na hÉireann for external use will be available in a bi-lingual format.

3.1.6 Correspondence

- a. Personnel of Óglaigh na hÉireann will be facilitated in communicating with higher authorities in the official language of their choosing, with immediate effect.
- b. Standard messages on e-mail systems, such as disclaimers of responsibility, will be in both Irish and English. This will be completed by the end of year one of this scheme.⁵

3.1.7 Clothing, Equipment and Vehicles

Óglaigh na hÉireann will abide by para 213 of Admin Instruction A8 Chapter 5 when purchasing new clothing, equipment or vehicles. Older English only emblems and badges will be systematically

⁵ Defence Forces' Administration Instruction A8 Chapter5 Annex b.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

agus cuirfear míreanna nua ina n-áit chun déanamh de réir threoir na míre seo. D'fhéadfadh eisceachtaí a bheith ann maidir le feithiclí atá le cur ar sheirbhís ar mhísín idirnáisiúnta nó i gcás gur comharthaí éigeandála caighdeánacha atá i gceist .i. nuair a bhíonn an focal AMBULANCE/FIRE le feiceáil ar fheithicil éigeandála.

3.1.8 Córais Ríomhaireachta

- Beidh aon tseirbhís idirghníomhach a chuirtear ar fáil ar láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann (www.military.ie) ar fáil i bhformáid dhátheangach. Beidh éifeacht aige seo ón dáta a sheolfar láithreán gréasáin athstruchtúrtha Óglaigh na hÉireann i.e. faoi dheireadh na chéad sé mhí den scéim seo.
- Suiteálfar seiceálaí litrithe Gaeilge ar ríomhairí Óglaigh na hÉireann agus beidh gach ríomhaire in ann déileáil leis an nGaeilge. Mar gheall ar na mórcheisteanna teicniúla agus acmhainne atá i gceist, déanfar an tionscadal seo a stiúradh in imeacht saolré roinnt scéimeanna ar shlí chórasach, comhlíonfar ceanglais na treorach seo de réir mar a chuirtear ríomhairí nua in áit seanríomhairí.

3.2. Fógraí ó bhéal.

Oibreoidh Óglaigh na hÉireann lena chinntiú go mbeidh gach fógra ó bhéal réamhthairfeadta chuig ár gcustaiméirí i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla. Rachaidh Óglaigh na hÉireann (Stiúrthóir Chór Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais) i gcomhairle leis an Roinn Cosanta agus é i gceist an cuspóir seo a chomhlíonadh i réimsí ina n-oibríonn an dá chomhlacht poiblí i gcomhar. Bainfear an cuspóir seo amach laistigh de shuímh Óglaigh na hÉireann faoi dheireadh na scéime seo (3 bliana).

3.3. Cainteoirí Gaeilge laistigh den Eagraíocht a Aithint

Déanfar suirbhé chun na cainteoirí Gaeilge i ngach beairicatá inniúil ar chumarsáid a dhéanamh trímheán na Gaeilge a aithint. Cuirfear liosta le chéile lena chur ar chumas na gcustaiméirí labhairt le hionadaí de chuid Óglaigh na hÉireann trí Ghaeilge, más mian leo sin. Déanfar an suirbhé laistigh den chéad sé mhí den scéim seo. Díreofar ar na suímh a aithneofar sa suirbhé go bhfuil easpa saíneolais Ghaeilge iontu, in ord tosaíochta, chun oiliúint thosaigh a chur ar chomhaltá d'Óglaigh na hÉireann, lena chinntiú go sásóidh na suímh sin ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Meastar go n-aithneofar gannchion i roinnt suímh. Mar thoradh air sin, caithfear cúrsaí a stiúradh chun feabhas a chur ar inniúlacht teanga in imeacht shaolré roinnt scéimeanna.

removed over time and replaced with items that meet the direction of this paragraph. Exceptions may occur regarding vehicles destined for service on international missions or where standardised emergency signs are concerned i.e where the word AMBULANCE/ FIRE appears on an emergency vehicle.

3.1.8 Computer Systems

- Any interactive services made available on the web site of Óglaigh na hÉireann (www.military.ie) will be available in a bilingual format. This will take effect from the launch date of the reconstructed web site of Óglaigh na hÉireann i.e by the end of the first six months of the scheme.
- An Irish language spell checker will be installed on computers of Óglaigh na hÉireann and all computers will be capable of handling the Irish language. Given the major technical and resource issues involved, this project will be conducted over the lifetime of several schemes in a systematic manner, as older computers are replaced the new computers will meet the requirements of this instruction.

3.2. Oral announcements

Óglaigh na hÉireann will work towards ensuring

that all pre-recorded oral announcements to our customers shall be in the Irish language, or in the Irish and English languages. Óglaigh na hÉireann (Director Communications and Information Services Corps) will consult with the Department of Defence (DOD) with the intention of meeting this objective in areas where both public bodies operate in tandem. This objective will be achieved within Defence Forces' locations by the end of the current scheme (3 years).

3.3. Identification of Irish Speakers within the Organisation

A survey will be conducted to identify Irish speakers in each barracks who are competent in communicating through the medium of Irish. A list will be drawn up to enable customers to speak with a representative of Óglaigh na hÉireann through Irish, if they so desire. The survey will be conducted within the first six months of this scheme. The surveyed locations identified as lacking in Irish language expertise will be targeted, in order of priority, for the purpose of initiating training to members of Óglaigh na hÉireann, to ensure that these locations can meet the requirements of the Official Languages Act 2003. It is anticipated that a shortfall will be identified in several locations. As a consequence of this it will be necessary to conduct

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

3.4. Cumas Teanga a Fhorbairt

- Beidh ar chumas oibritheoirí lasc-chláir i ngach suíomh míleata ainm na beairice a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh cur amach acu, ar a laghad, ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge faoi dheireadh an dara bliain den scéim seo. Chun na críche sin, cuirfear cúrsaí ar fáil don phearsanra laistigh den chéad dhá bhliain den scéim chun comhlíonadh an cheanglais seo a chinntiú.
- Cuirfear socruithe oiriúnacha ar bun faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim lena chur ar chumas daoine den phobal, a bhíonn ag lorg seirbhísí trí Ghaeilge, labhairt le duine den fhoireann atá inniúil i nGaeilge gan aon mhoill mhíchúí.
- Ós rud é gur sampla ionadaíoch de mhuintir na hÉireann atá in Óglaigh na hÉireann, níl sé míréasúnach a bheith ag súil leis, ag gach tráth, go mbeidh daoine aonair ar fáil san eagraíocht a mbeidh ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. D'ainneoin sin, leanfaidh Óglaigh na hÉireann le cúrsaí a rith a chabhróidh leis an bpearsanra a scileanna Gaeilge a fhorbairt. Is iad na príomhscéimeanna oiliúna ná Campa Gaeilge Bliantúil i nDún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus trí Scéim Gaeleagras

an Rialtais.

- Cuirfidh Óglaigh na hÉireann suas clár de chúrsaí Gaeilge le chéile don chéad bhliain, don dara bliain agus don tríú bliain den scéim seo, i gcomhar le hAirmheán Meán Teanga Óglaigh na hÉireann agus le heagraíochtaí oiliúna teanga seachtracha.

3.5 Achoimre ar na haonaid a bhíonn i gCumarsáid Dhíreach leis an bPobal

Tá liosta d'aonaid leagtha amach thíos a mbeidh tionchar díreach acu ar an tslí a gcuirfear seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil:

- An Oifig Pleanála Straitéisí.
- Rannóg Caidrimh Phoiblí Óglaigh na hÉireann.
- An Rannóg um Earcaíocht agus Comórtais.
- An Rannóg um Shaoráil Faisnéise.
- Stiúrthóireachtaí Cóir.
- Oifigí Daonchumhachta Briogáide.
- Preas-Oifigí Briogáide.
- An tSeirbhís Chabhlaigh.
- Airmheán Traenála na nÓglach Cúltaca i réigiúin Ghaeltachta.

Cinntoidh an t-oifigeach sinsearach i ngach suíomh

courses to improve language competency over the lifetime of several schemes.

3.4. Language Capability Development

- Switchboard operators in each military location will be able to give the name of their barracks in both Irish and English and will, at least, be familiar with the basic greetings in Irish by the end of the second year of this scheme. To this end courses will be conducted for personnel within the first two years of the scheme to ensure fulfilment of this requirement.
- Suitable arrangements will be put in place by the end of the first year of the scheme to enable members of the public, seeking services through Irish, to speak with a staff member competent in Irish without undue delay.
- As Óglaigh na hÉireann represent a cross section of the Irish people it is not unreasonable to expect that there will, at all times, be available individuals in the organisation that have the ability to communicate through the medium of Irish. Notwithstanding this, Óglaigh na hÉireann will continue to run courses that will assist personnel to develop their Irish language skills. The principle training schemes will be the Annual Campa Gaeilge in Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh, in conjunction with

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh and through the Government Gaeleagras Scheme.

- Óglaigh na hÉireann will draw up a programme of Irish language courses for the first, the second and the third year of this scheme, in conjunction with the Defence Forces' Language Media Centre and external language training organisations.

3.5 Summary of Units in Direct Communication with the Public

Outlined below is a list of units, which will have a direct effect on how services through Irish are made available:

- The Strategic Planning Office.
- Defence Forces' Public Relations Section.
- Recruitment and Competitions Section.
- Freedom of Information Section.
- Corps Directorates.
- Brigade Manpower Offices.
- Brigade Press Offices.
- Naval Service.
- Training Centres of Na hÓglaigh Chúltaca in Gaeltacht regions

The senior officer in charge of each location will

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

go mbeidh lán-eolas ag an bhfoireann ar fhreagrachtaí Óglaigh na hÉireann faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Aithneoidh an suirbhé a stiúrfar, de réir mhír 3.3, aon ghannchion in acmhainneacht teanga sna réimsí sin. I gcás go n-aithnítear gannchion, tabharfar tosaíocht do na suímh sin i leith oiliúna teanga ionnas go mbeidh duine amháin ar a laghad den fhoireann in ann déileáil go héifeachtach trí mheán na Gaeilge le custaiméirí seachtracha [faoi dheireadh na scéime seo](#).

3.6 An Ghaeltacht

Cé nach bhfuil aon Bheairic nó Post le foireann bhuan de chuid Óglaigh na hÉireann i réigiúin Ghaeltachta tá airmheáin treanála de chuid na nÓglach Cúltaca le foireann ar bhonn páirtaimseartha, áfach, sna suímh seo a leanas:

- Carna
- Maigh Cuilinn
- An Cheathrú Rua.
- An Daingean

Cinntoidh Óglaigh na hÉireann, [faoi 2012](#), go mbeidh an Ghaeilge an teanga oibre sna láithreáin seo. Chun na críche sin, beidh aon bhróisiúir, aon bhileoga nó aon fhoirmeacha a bheith dírithe ar aird an phobail i réigiúin Ghaeltachta i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla faoi aon chlúdach

ensure that their staffs are fully aware of the responsibilities of Óglaigh na hÉireann under the Official Languages Act. The survey alluded to at paragraph 3.3 will identify any shortfall of language capability in these areas. Where a shortfall is identified these locations will receive priority for language training purposes so that at least one staff member will be capable of dealing effectively through Irish with external customers by [the end of this scheme](#).

3.6 An Ghaeltacht

While there are no permanently manned Barracks or Posts of Óglaigh na hÉireann in Gaeltacht regions there are, however, training centres of na hÓglaigh Cúltaca manned on a part-time basis in the following locations:

- Carna
- Maigh Cuilinn
- An Cheathrú Rua.
- An Daingean

Óglaigh an hÉireann will ensure that, [by 2012](#), Irish will become the working language of these locations. To this end any brochures, leaflets or forms directed for the attention of the public in Gaeltacht regions will be in the Irish language only or in both the Irish and English languages under one cover.

amháin.

[3.7 Imlíne de chur chuige na hEagraíochta maidir le leagan amach agus dearadh dátheangach \(ar ábhar clóite, éadach, trealamh agus feithiclí\)](#)

Is é Polasaí Óglaigh na hÉireann a chinntiú go mbeidh tús áite tugtha don Ghaeilge ar gach stáiseanóireacht, ceann litreach, teimpléid & lipéad ríomhaireachta agus freisin laistigh d'fhoilseacháin mar atá leagtha síos faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.⁶ Thairis sin, is é polasaí Óglaigh na hÉireann ná chinntiú gurb í an Ghaeilge amháin a bheidh le feiceáil ar fheathail agus ar shuaitheantais ar éadach, trealamh agus feithiclí míleata.

3.8 Foclóir Míleata

Tabharfaidh Óglaigh na hÉireann an Foclóir Míleata cothrom le dáta agus eiseoidh siad é mar leabhar tagartha do théarmaí míleata chuig gach suíomh laistigh den eagraíocht. Beidh an Foclóir Míleata críochnaithe faoi dheireadh na [chéad sé mhí](#) den scéim seo.

3.9 Cúrsaí Gairme

Beidh míreanna d'fheasacht ar an nGaeilge i ngach siolabas cúrsa gairme le héifeacht ó [dheireadh na chéad bhliana den](#) scéim seo.

⁶ Treoir Riaracháin A8 Óglaigh na hÉireann, Caib 5, 1.4.5 & Agusín 'B' & Acht na dTeangacha Oifigiúla, Cuid 3, fo-mhír 9 & 10

3.7 Outline Organisations approach to bilingual layout and design (on print material, clothing, equipment and vehicles)

It is the Policy of Óglaigh na hÉireann to ensure that the Irish language is given prominence on all stationery, letterheads, computer templates & labels and also within publications as outlined under the Official Languages Act.⁶ Furthermore it is the policy of Óglaigh na hÉireann to ensure that Irish only is displayed on emblems and badges on military clothing, equipment and vehicles.

3.8 Foclóir Míleata

Óglaigh na hÉireann will update the Military Dictionary and issue it as a reference book for military terminology to all locations within the organisation. The Foclóir Míleata will be completed by end of the first six months of this scheme

3.9 Career Courses

Irish language awareness elements will be included in all career course syllabi with effect from the end of the first year of this scheme.

⁶ Defence Forces Administration Instruction A8 Chpt 5, p.4,5 & Annex 'B' & Official Languages Act Part 3 subparagraph 9 & 10

Aguisín 'A'

Líne ama chun soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a chríochnú.

Annex 'A'

Time line for completion of the provision of services in Irish.

Aguisín 'A' – Líne ama chun soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a chríochnú.

	Le hÉifeacht Láithreach	An Chéad Sé Mhí	Faoi Dheireadh na Chéad Bhliana	Faoi Dheireadh an Dara Bliain	Faoi Dheireadh an Tríú Bliain
Oifigeach Sínearach freagrach do chúrsaí Gaeilge a cheapadh.					
Láithreán gréasáin dátheangach a uasghrádú.					
Foirmeacha Iarratais ar líne.					
Doiciméid straitéiseacha faoi TBS a fhoilsiú.					
Stáiseanoireacht chomhfhreagrais.					
Cártaí Aitheantais Phearsanta					
Suaitheantais agus feadhail ar threalamh, éadach agus feithicilí míleata.					
Foirmeacha Airm (Sean)			AF/118/ 180/ 364	AF/39/ 236/ 429	AF/ 338/ 673D/ 442
Foirmeacha Airm (Nua)					
Foirmeacha Coitianta d'úsáid sheachtrach					
Bileoga agus leabhráin eolais.	Leabhráin eolais daltais agus printíseachta		Gach leabhrán earcaíochta agus bolscaireachta eile.		
Rialacháin & Treoracha Riaracháin Óglaigh na hÉireann					
Oiliúint Teanga Foirne sa Rannóg um Earcaíocht agus Comórtais					Tús a chur le holiúint don oifig seo agus leanúint leis an oiliúint sin de réir mar a mhéadar is gá chun ceanglais Óglaigh na hÉireann don todhchaí a chomhlíonadh.

Annex 'A' – Time line for completion of the provision of services in Irish.

	With Immediate Effect	First Six Months	By End of First Year	By End of Second Year	By End of Third Year
Appoint a Senior Officer responsible for Irish Language matters.					
Upgrade bi-lingual web site.					
Application Forms on line.					
Publication of strategic Documents under SMI.					
Correspondence stationery.					
Personal ID Cards					
Badges and emblems on military equipment, clothing and vehicles.					
Commencing immediately with all new equipment, clothing and vehicle purchases, Irish only will be displayed.					
Army Forms (Old)			AF/118/ 180/ 364	AF/ 39/ 236/ 429	AF/ 338/ 673D/ 442
Army Forms (New)					
Defence Act 154 - 198					
Common Forms for external use.					
Information leaflets and booklets.	Cadetship and apprenticeship information booklets		All other recruitment and promotional booklets.		
Defence Forces' Regulations & Administration Instructions					
Staff Language Training recruitment and Competition Section			Commence training for this office and continue with such training as considered necessary to meet the requirements of Óglaigh na hÉireann for the future.		

	Le hÉifeacht Láithreach	An Chéad Sé Mhí	Faoi Dheireadh na Chéad Bhliana	Faoi Dheireadh an Dara Bliain	Faoi Dheireadh an Tríú Bliain
Fógraí sna meáin Ghaeilge a bheith i nGaeilge amháin.					
Gach preasráiteas i nGaeilge					
Gach póstaer agus bratach.					
Cumarsáid san eagraíocht agus leis an eagraíocht sa teanga oifigiúil is rogha le duine.					
Comhfhreagras trí Ghaeilge					
Freagraí uathoibríocha agus teachtaireachtaí ar ríomhphost					
Uasghrádú ríomhairí	An córas ríomhaireachta a uasghrádú lena chinntiú go mbeidh sé in ann déileáil leis an nGaeilge – forbairt leanúnach.				
Seirbhísí Idirghníomhacha					
Fógraí ó bhéal.					
Suirbhé ar na Cainteoirí Gaeilge laistigh d'Óglaigh na hÉireann					
Oiliúint d'oilbriteoirí lasc-chláir					Tosú faoi dheireadh bhliain a haon agus leanúint de sin de réir mar a mheastar is gá chun ceanglais Óglaigh na hÉireann don todhchaí a chomhlíonadh.

Scéim Óglaigh na hÉireann 2006-2009

	With Immediate Effect	First Six Months	By End of First Year	By End of Second Year	By End of Third Year
Advertisements with Irish language media in Irish only.					
All press releases in Irish.					
All posters and banners.					
Communication in and with the organisation in the official language of choice.					
Correspondence through Irish					
Electronic disclaimers on computers					
Computer upgrade					
Interactive services					
Oral announcements					
Survey of Irish Speakers within Óglaigh na hÉireann					
Training Switchboard operators					
Upgrade computer system to ensure it is capable of handling the Irish language – ongoing development.					
Commencing by end of year one and continuing as considered necessary to meet the requirements of Óglaigh na hÉireann for the future.					

